BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Naoú Dlísheomra)

19 Nollaig 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Aontas custaim – an Chomhtharaif Chustaim – Ainmníocht Chomhcheangailte – Aicmiú taraife – Ceannteidil 8113 agus 8209 – Maidí crua-mhiotail atá comhdhéanta de mhiotal ceirmeach – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2021/910 – Bailíocht – Critéir maidir le haicmiú)

I gCás C-591/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Finanzgericht Düsseldorf (an Chúirt Airgeadais, Düsseldorf, an Ghearmáin), trí bhreith an 23 Lúnasa 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 23 Meán Fómhair 2023, sna himeachtaí

ZCC Europe GmbH

v

Hauptzollamt Düsseldorf,

tugann AN CHÚIRT (an Naoú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: N. Jääskinen, Uachtarán Dlísheomra, S. Rodin (Rapóirtéir) agus O. Spineanu Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. M. Collins,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– ZCC Europe GmbH, ag N. Meyer, Rechtsanwalt,

– an Coimisiún Eorpach, ag B. Eggers agus M. Salyková, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le bailíocht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/910 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2021 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO 2021 L 199, lch. 4).

2 Rinne an iarraidh seo in imeachtaí idir ZCC Europe GmbH, cuideachta tráchtála atá bunaithe sa Ghearmáin, agus Hauptzollamt Düsseldorf (Príomhoifig Chustaim, Düsseldorf, an Ghearmáin), maidir le haicmiú taraife maidí crua-mhiotail atá comhdhéanta de cheirméid.

An dlí lena mbaineann

AC

3 Tá an ainmníocht chomhcheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO 1987 L 256, lch. 1), arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1577 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2020 (IO 2020 L 361, lch. 1) ('AC'), bunaithe ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ('CC'), i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, a tugadh i gcrích sa Bhruiséil an 14 Meitheamh 1983 ('Coinbhinsiún CC') agus a formheasadh, lena phrótacal leasaitheach an 24 Meitheamh 1986, thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, le Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 (IO 1987 L 198, lch. 1).

4 I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Uimh. 2658/87, glacfaidh an Coimisiún Eorpach Rialachán gach bliain lena n-atáirgtear an leagan iomlán de AC agus na rátaí comhfhreagracha dleachta custaim sa Chomhtharaif Chustaim, mar a eascraíonn siad as na bearta arna nglacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh nó ag an gCoimisiún.

5 I gcuid a hAon de AC, dar teideal 'Réamhfhorálacha', tá, i dTeideal I, mír A dar teideal 'Rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte', lena bhforáiltear mar a leanas maidir le haicmiú earraí:

'1. Ní sholáthraítear ceannteidil ranna, caibidlí nó fo-chaibidlí ach amháin chun tagairt dóibh a éascú; chun críocha dlíthiúla, déanfar aicmiú a chinneadh de réir théarmaí na gceannteideal agus théarmaí aon nóta ranna nó aon nóta caibidle ábhartha agus, ar choinníoll nach gceanglaítear a mhalairt leis na ceannteidil nó leis na nótaí sin, de réir na bhforálacha seo a leanas.

2. (a) Tuigfear le haon tagairt i gceannteideal d'airteagal go n-áireofar léi tagairt don airteagal sin agus é neamhiomlán nó neamhchríochnaithe, ar choinníoll, mar a chuirtear i láthair é, go mbeidh saintréithe fíor-riachtanacha an airteagail iomláin nó an airteagail chríochnaithe ag an airteagal neamhiomlán nó neamhchríochnaithe. Tuigfear freisin go n-áireofar léi tagairt don airteagal iomlán nó don airteagal críochnaithe sin (nó d'airteagal a bheidh le haicmiú mar airteagal iomlán nó airteagal críochnaithe de bhua na rialach sin), agus é á chur láthair ina airteagal neamhchóimeáilte nó díchóimeáilte.

[...]

6. Chun críocha dleathacha, déanfar aicmiú na n-earraí i bhfo-cheannteidil a chinneadh de réir théarmaí na bhfo-cheannteideal sin agus aon nóta fo-cheannteidil ghaolmhair agus, *mutatis mutandis*, de réir na rialacha thuas, ar an tuiscint nach inchomparáide ach fo-cheannteidil atá ar an leibhéal céanna. Chun críocha na rialach sin, is infheidhme an roinn ábhartha agus na nótaí caibidle ábhartha freisin, ach amháin i gcás ina gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Sa dara cuid de AC, dar teideal 'Sceideal na ndleachtanna custaim', tá Roinn XV, dar teideal 'Táirmhiotail agus earraí táirmhiotail', foráiltear an méid seo a leanas i Nóta 4 den Roinn sin:

'4. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn an nath "ceirméid" táirgí ina bhfuil teaglaim mhicreascópach ilchineálach de chomhpháirt mhiotail agus de chomhpháirt cheirmeach. Áirítear leis an téarma "ceirméid" cairbídí miotail sintéaraithe (cairbídí miotail arna sintéarú le miotal).'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Áirítear i Roinn XV de Chaibidil 81 de Chuid a Dó de AC, dar teideal 'Táirmhiotail eile; ceirméid; earraí díobh', *inter alia*, na ceannteidil seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí	Gnáthráta dleachta (%)	Aonad Forlíontach
8113 00	Ceirméid agus earraí ceirméad, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl:		
8113 00 20	– neamhshaoirsithe	4	—
8113 00 40	– Fuíoll agus dramhaíl	Díolúine	—
8113 00 90	– eile	5	—

8 Áirítear i Roinn XV de Chaibidil 82 de Chuid a Dó de AC, dar teideal 'Uirlisí, acraí, sceanra agus sceanra boird, iad déanta as táirmhiotal; codanna de na hearraí sin, déanta as táirmhiotal', *inter alia*, na ceannteidil seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí	Gnáthráta dleachta (%)	Aonad Forlíontach
8209 00	Plátaí, maidí, soic agus a leithéid le haghaidh uirlisí, nach bhfuil suite, déanta as ceirméid:		
8209 00 20	– Ionsáiteáin innéacsaithe	2.7	—
8209 00 80	– eile	2.7	—

9 Formheasann an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC), faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8 de Choinbhinsiún CC, na Nótaí Míniúcháin ('Nótaí Míniúcháin CC') agus na Tuairimí maidir le hAicmiú a ghlac Coiste CC a bunaíodh in Airteagal 6 den Choinbhinsiún sin. Faoi Airteagal 7(1) den Choinbhinsiún sin, is é feidhm an choiste sin, *inter alia*, na nótaí míniúcháin sin a dhréachtú.

Rialachán (CE) Uimh. 952/2013

10 Foráiltear le hAirteagal 57 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO 2013 L 269, lch. 1), dar teideal 'Rangú earraí de réir taraife' mar seo a leanas:

'1. Chun an Chomhtharaif Custaim a chur i bhfeidhm, is éard é rangú taraife earraí ceann d'fhocheannteidil nó d'fhoranna breise [AC] faoina mbeidh na hearraí sin le rangú a chinneadh.

[...]

4. Féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh chun rangú taraife earraí a chinneadh i gcomhréir le mír 1 agus mír 2.'

11 Foráiltear le hAirteagal 58(2) den Rialachán sin, dar teideal 'Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme':

'Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta dá dtagraítear in Airteagal 57(4).

[...]'

12 Faoi Airteagal 285(1) den Rialachán sin, i bhfeidhmiú na cumhachta sin, tabharfaidh an Coiste um an gCód Custaim cúnamh don Choimisiún, ar coiste é ar a mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit agus a bheidh faoi chathaoirleacht ionadaí ón gCoimisiún.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/910 ón gCoimisiún

13 Ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910 ar bhonn Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de Rialachán Uimh. 952/2013.

14 De bhun Airteagal 1 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin:

'Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na [AC] faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.'

15 Is í seo a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin:

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód AC)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
Maidí de mhiotal ceirmeach ag a bhfuil trasghearradh cothrom aonfhoirmeach. Is féidir na hearraí, atá ar fhaid agus ar thrastomhais éagsúla, a bheith soladach nó tollta agus bealaí fuaraithe iontu, a bhfuil bairr mhaola orthu. D'fhéadfadh sé freisin go ndearnadh roinnt de na hearraí a sheaimféaráil. Tá na hearraí déanta as miotal ceirmeach, eadhon cairbíd mhiotail shintéaraithe atá bunaithe ar chairbíd tungstain a bhfuil cóbalt ina shubstaint cheangailte inti. Mar gheall ar an leibhéal íseal próiseála a dhéantar orthu, agus an fhoirm shimplí agus cruth simplí atá orthu, is féidir na hailt a úsáid le haghaidh raon leathan úsáidí, mar shampla, mar eilimintí atreisithe. Má dhéantar tuilleadh próiseála orthu, féadfar na hearraí a úsáid le haghaidh uirlisí agus mar uirlisí.	8113 00 90	Cinntear an t-aicmiú le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na [AC], nóta 4 a ghabhann le Roinn XV, agus le foclaíocht na gcód AC 8113 00 agus 8113 00 90. Ní áirítear aicmiú ceirméad faoin gcód AC 8209 00 80 mar mhaidí agus a leithéidí le haghaidh uirlisí nach bhfuil feistithe mar nach féidir na hearraí a úsáid le haghaidh uirlisí agus mar uirlisí ach amháin má dhéantar tuilleadh próiseála orthu agus má tá siad oiriúnach le haghaidh úsáidí eile freisin. Tagann na hearraí faoi raon feidhme cheannteideal 8113, lena gcumhdaítear ceirméid, bídís neamhshaoirsithe nó i bhfoirm earraí nach sonraítear in aon áit eile sa [AC] (féach freisin Nótaí Míniúcháin [CC] a ghabhann le ceannteideal 8113, an séú mír). Dá bhrí sin, is faoi chód AC 8113 00 90 atá na hearraí le haicmiú, mar cheirméid agus mar earraí eile atá déanta as déanta as miotal ceirmeach.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear

16 I mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2021, dhearbhaigh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht, barraí cairbíde miotail de cheirméid a allmhairítear ón tSín faoi fho-cheannteideal 8209 00 80 de AC, lena mbaineann ráta custaim 2.7 %.

17 Chinn an Phríomh-Oifig Chustaim, Düsseldorf, aicmiú a dhéanamh ar na hearraí a dhearbhaigh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí faoi fho-cheannteideal 8113 00 90 de AC, ar bhonn Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910. Dá bhrí sin, chuir sé dleachtanna custaim agus cáin bhreisluacha (CBL) ar allmhairí i bhfeidhm ar an iarratasóir sna príomhimeachtaí ag ráta custaim de 5 %.

18 Chuir an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí agóid isteach i gcoinne an chinnidh sin, agus mhaígh sé nach bhféadfaí na barraí cairbíde miotail dearbhaithe a úsáid ach 'd'uirlisí' agus chun na críche sin amháin, agus dá bhrí sin nach raibh feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910 maidir leo. In aon chás, tá sé den tuairim go bhfuil Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910 neamhdhleathach, ós rud é nach é amháin go bhféachtar leis an Rialachán sin le soiléiriú a thabhairt, ach go leasaítear leis foclaíocht fho-cheannteideal 8209 00 80 de AC agus, dá bhrí sin, nach gcuirtear san áireamh ann na conclúidí a baineadh as breithiúnas Bundesfinanzhof (an Chúirt Chónaidhme Airgeadais, an Ghearmáin) an 7 Lúnasa 2018 (VII R 20/17), a thug soiléiriú den sórt sin cheana féin.

19 Mhaígh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí i ndáil leis sin gur bhain breithiúnas sin an Bundesfinanzhof (an Chúirt Chónaidhme Airgeadais) le barraí cairbíde miotail a dhearbhaigh sé in 2008, d'fhonn iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht, faoi fho-cheannteideal 8209 00 80 de AC, cosúil leo siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí. Tar éis seiceáil ar an láthair, rinne an Phríomh-Oifig Chustaim, Düsseldorf, trí fhógra cánach a eisíodh in 2011, na hearraí a aicmiú faoi fho-cheannteideal 8113 00 90 de AC agus rinne sí aisghabháil *a posteriori* ar na dleachtanna custaim comhfhreagracha. Ós rud é gur dhiúltaigh Finanzgericht Düsseldorf (an Chúirt Airgeadais, Düsseldorf, an Ghearmáin) don chaingean a taisceadh tar éis na haisghabhála sin ar dtús, rinne Bundesfinanzhof (an Chúirt Chónaidhme Airgeadais), i gcomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar an achomharc ar phointe dlí, an cás a tharchur chuig an gcúirt a rinne an tarchur ar an bhforas gur ghá a fháil amach an raibh saintréithe cheannteideal AC 8209 ag na barraí cairbíde miotail lena mbaineann, rud a bhí níos sonraí. Sa chás atá cláraithe faoi thagairt 4 K 3162/18 Z, d'ordaigh an chúirt a rinne an tarchur, ag an am, tuarascáil ó shaineolaí. Ina thuarascáil an 4 Nollaig 2019, tháinig an saineolaí arna cheapadh ar an gconclúid gur athraíodh na barraí cairbíde miotail seo go ginearálta ina n-uirlisí a bhfuil imill ghearrthacha acu atá sainithe go geoiméadrach. De réir an tsaineolaí sin, léirigh láithreacht cainéal fuaraithe ar bharraí áirithe go soiléir go n-úsáidtear druileanna nó uirlisí muilleála de chineál lorga. Mheas an saineolaí sin, mar gheall ar a ngeoiméadracht agus ar rogha na n-ábhar, go raibh saintréithe ag na barraí eile a bhí go soiléir mar shaintréithe na n-uirlisí de chineál lorga. Is ar an mbonn sin a chuir an chúirt a rinne an tarchur fógra measúnaithe cánach 2011 ar neamhní le breithiúnas an 18 Márta 2020.

20 Ós rud é, leis na cinntí sin, go ndearna Bundesfinanzhof (an Chúirt Chónaidhme Airgeadais) agus Finanzgericht Düsseldorf (an Chúirt Airgeadais, Düsseldorf) na hearraí lena mbaineann a aicmiú ar bhealach difriúil ón mbealach a d'eascair as faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint ag údaráis chustaim na hÉireann, na hÍsiltíre agus na Polainne, tugadh soiléiriú, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an gCód Custaim, trí Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910 a ghlacadh.

21 Ós rud é gur dhiúltaigh an Phríomh-Oifig Custaim, Düsseldorf, don ghearán a thaisc an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ar bhonn Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910, thug an Phríomh-Oifig sin caingean os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

22 Níl aon amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur nach mór na barraí cairbíde miotail atá i gceist sna príomhimeachtaí a aicmiú faoi fho-cheannteideal 8209 00 de AC agus, dá bhrí sin, ní chaitheann sí amhras ach ar bhailíocht Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910. Measann sí, trí AC a ghlacadh, gur leasaigh an Coimisiún ábhar agus raon feidhme cheannteidil taraife 8113 agus 8209 de AC. I ndáil leis sin, tagraíonn sí don úsáid atá beartaithe do na barraí cairbíde miotail sin, de réir bhrí fho-cheannteideal 8209 00 den AC ('d'uirlisí'), agus do thuarascáil ó shaineolaithe an 4 Nollaig 2019 dá dtagraítear i mír 19 den bhreithiúnas seo, a d'iarr sí i gcomhthéacs an cháis atá cláraithe faoi thagairt 4 K 3162/18 Z. Leanann sé, dar leis, mar gheall ar a ngeoiméadracht agus ar rogha na n-ábhar agus mar gheall go bhfuil cainéal fuaraithe ar chuid acu, go bhfuil na barraí cairbíde miotail atá i gceist sna príomhimeachtaí beartaithe chun uirlisí a mhonarú a bhfuil imill ghearrthacha acu atá sainithe go geoiméadrach. Ina theannta sin, maidir le haicmiú faoi fho-cheannteideal 8209 00 de AC, is leor barraí cairbíde miotail a bheith beartaithe go bunúsach lena n-úsáid in uirlisí. Luaitear ann freisin nach gcuirtear bac ar a n-aicmiú faoi fho-cheannteideal 8209 00 80 de AC toisc nach mór tuilleadh próiseáil a dhéanamh fós ar mhaidí de mhiotal ceirmeach sular féidir iad a úsáid le haghaidh uirlisí. Ar deireadh, measann sí, i bhfianaise thuarascáil shaineolach an 4 Nollaig 2019 dá dtagraítear i mír 19 den bhreithiúnas seo, go bhfuil an ráiteas ag deireadh na tuairisce ar na hearraí san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán

Cur Chun Feidhme 2021/910, ar dá réir, i bhfianaise a méid próiseála, a bhfoirm agus a gcruth simplí atá orthu, a d'fhéadfadh na maidí de mhiotal ceirmeach dá dtagraítear a bheith beartaithe le haghaidh raon leathan úsáidí, mícheart.

23 Sna himthosca sin, chinn Finanzgericht Düsseldorf (an Chúirt Airgeadais, Düsseldorf) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais chun réamhrialú a fháil:

'An bhfuil Rialachán Cur Chun Feidhme [2021/910] bailí?'

An cheist a tharchuirtear

24 Lena saincheist dlí, iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt rialú a dhéanamh ar bhailíocht Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910, arna ghlacadh chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach AC a áirithiú, a mhéid a aicmítear ceirméid, cineál slat miotail atá an-fhrithlúbtha, mar a thuairiscítear i gcolún 1 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, i bhfo-cheannteideal 8113 00 90 de AC, agus ní i bhfo-cheannteideal 8209 00 80 de, lena ndéantar neamhaird ar raon feidhme agus ábhar cheannteidil taraife 8113 agus 8209 de AC, ar na nótaí míniúcháin a bhaineann leis na ceannteidil sin agus ar na rialacha ginearálta maidir le léiriú AC agus CC.

25 Is éard atá sna maidí de mhiotal ceirmeach a thuairiscítear i gcolún 1 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910 comhdhúil cairbíde tungstain ina bhfuil cion áirithe cóbailt mar cheanglóir. Tá cairbíd tungstain tréithrithe ag cruas ar leith agus dá bhrí sin tá sé oiriúnach go háirithe chun miotail a oibriú trí dhruileáil agus muilleáil. Tá faid éagsúla, idir 100 mm agus 300 mm, ag na maidí atá i gceist sna príomhimeachtaí. Athraíonn a dtrastomhas freisin idir 2 mm agus 40 mm. Tá trasghearradh de thrastomhas leanúnach agus de chinn chothroma acu. I roinnt cásanna, tá idir cainéal fuaraithe amháin acu go trí chainéal fuaraithe acu freisin. Níl aon díospóid ann gur gá tuilleadh próiseáil a dhéanamh ar na maidí de mhiotal ceirmeach sin, agus déanann an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí iad a athdhíol le monaróirí uirlisí ina leith.

26 Cé go ndearna údaráis chustaim na Gearmáine an táirge atá i gceist sna príomhimeachtaí a aicmiú faoi chód AC 8113, chinn Bundesfinanzhof (an Chúirt Chónaidhme Airgeadais), le breithiúnas in 2018, gur tháinig sé faoi cheannteideal 8209 de AC.

27 Chun na rioscaí a bhaineann le léiriú éagsúil ar AC idir na Ballstáit a sheachaint, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910 an 31 Bealtaine 2021. Chuir údaráis chustaim na Gearmáine i bhfeidhm é maidir le hallmhairí nua na n-earraí atá i gceist a rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2021, lena n-aicmítear na maidí de mhiotal ceirmeach faoi chód AC 8113, lena mbaineann dleacht chustaim 5 % a chur i bhfeidhm, cé gur mian leis an iarratasóir sna príomhimeachtaí tairbhiú den aicmiú i gcomhréir leis an gcásdlí náisiúnta dá dtagraítear sa mhír roimhe seo faoi chód AC 8209, lena mbaineann ráta custaim 2.7 %.

28 Go bunúsach, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur den Chúirt an ndearna an Coimisiún, trí léiriú cheannteidil 8113 agus 8209 de AC arna ghlacadh ag an gCoimisiún i Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910, leasú toirmiscthe ar AC, agus ní hamháin gur shoiléirigh sé é.

29 Ní mór a mheabhrú ar dtús gur dhearbhaigh an Chúirt arís agus arís eile go bhfuil lánrogha leathan ag an gCoimisiún, ag gníomhú dó i gcomhar le saineolaithe custaim na mBallstát, ábhar na gceannteideal taraife atá le cur san áireamh maidir le haicmiú earraí áirithe a shainiú. Ní údaraítear don Choimisiún, áfach, leis an gcumhacht atá aige na bearta dá dtagraítear in Airteagal 57(4) agus in Airteagal 58(2) de Rialachán Uimh. 952/2013 a ghlacadh, ábhar ná raon feidhme na gceannteideal taraife a bunaíodh ar bhonn CC a athrú, ar ghabh an tAontas air féin gan a raon feidhme a mhodhnú, faoi Airteagal 3 de Choinbhinsiún CC (féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Feabhra 2015, *Raytek agus Fluke Europe*, C-134/13, EU:C:2015:82, mír 29, an 19 Nollaig 2019, *Amoena*, C-677/18, EU:C:2019:1142, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 4 Feabhra 2021, *JCM Europe (UK)*, C-760/19, EU:C:2021:96, mír 34).

30 Chun a chinneadh an bhfuil, trí na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún 1 den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910 faoi cheannteideal 8113 de AC agus nach bhfuil faoi cheannteideal 8209 de AC a aicmiú, leasaigh an Coimisiún ábhar nó raon feidhme an dá cheannteideal taraife seo de AC, arna bhunú ar bhonn CC, ba cheart a mheabhrú ar dtús, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus éascaíocht rialaithe, ní mór an critéar cinntitheach maidir le rangú taraife earraí a lorg, go ginearálta, ina dtréithe oibiachtúla agus ina n-airíonna, mar atá sainmhínithe i bhfoclaíocht cheannteidil agus fho-cheannteidil AC agus na rannóige nó nótaí na caibidle a ghabhann leis (breithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Amoena*, C-677/18, EU:C:2019:1142, mír 40, an 18 Meitheamh 2020, *Hydro Energo*, C-340/19, EU:C:2020:488, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 4 Feabhra 2021, *JCM Europe (UK)*, C-760/19, EU:C:2021:96, mír 35).

31 Ar an dara dul síos, cé nach féidir aicmiú a dhéanamh ar bhonn shaintréithe agus airíonna oibiachtúla an táirge lena mbaineann amháin, d'fhéadfadh an úsáid atá beartaithe dó, go háirithe a chuspóir fíor-riachtanach, a bheith ina critéar oibiachtúil maidir le haicmiú, ar choinníoll go bhfuil sé ina chuid dhílis den táirge sin. Ní mór measúnú den sórt sin a mheas ar bhonn a shaintréithe agus a airíonna oibiachtúla (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Meán Fómhair 2019, *TDK-Lambda Germany*, C-559/18, EU:C:2019:667, mír 27, agus an 18 Meitheamh 2020, *Hydro Energo*, C-340/19, EU:C:2020:488, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ní mór a bheith in ann saintréithe agus airíonna oibiachtúla na dtáirgí sin a fhíorú tráth an imréitigh custaim (breithiúnas an 26 Bealtaine 2016, *Latvijas propāna gāze*, C-286/15, EU:C:2016:363, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Ar an tríú dul síos, dhearbhaigh an Chúirt arís agus arís eile, in ainneoin nach bhfuil feidhm cheangailteach acu, gur ionstraimí tábhachtacha iad na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le AC agus CC chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Comhtharaife Custaim a áirithiú agus, dá réir sin, chun treoir bhailí a sholáthar maidir le léiriú na Comhtharaife Custaim (breithiúnais an 18 Meitheamh 2020, *Hydro Energo*, C-340/19, EU:C:2020:488, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 20 Deireadh Fómhair 2022, *Mikrotīkls*, C-542/21, EU:C:2022:814, mír 23).

33 Maidir le foclaíocht na gceannteideal taraife atá i gceist sna príomhimeachtaí, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil Caibidil 81 de Chuid a Dó de AC dar teideal 'Táirmhiotail eile; ceirméid; earraí díobh' agus le ceannteideal 8113 den chaibidil sin tagraítear, *inter alia*, do 'C[h]eirméid agus earraí ceirméad'. Áirítear i gCaibidil 82 de Chuid a Dó de AC, dar teideal 'Uirlisí, acraí, sceanra agus sceanra boird, iad déanta as táirmhiotal; codanna de na hearraí sin, déanta as táirmhiotal', lena n-áirítear, *inter alia*, ceannteideal 8209, lena gcumhdaítear, *inter alia*, '[p]látaí, maidí, soic agus a leithéid le haghaidh uirlisí, nach bhfuil suite, as ceirméid'.

34 Sonraítear i Nóta Míniúcháin CC a ghabhann le Roinn XV, a mhéid a bhaineann le raon feidhme an dá chaibidil sin, ‘go ndéileáiltear i gCaibidlí 72 go 76 agus 78 go 81 le táirmhiotail ina staid amh agus i bhfoirm táirgí amhail barraí, sreanga, leatháin agus earraí de na miotail seo, cé is moite d’earraí a shonraítear, gan beann ar chineál an mhiotail ar comhábhar é, i gCaibidlí 82 nó 83, agus na Caibidlí sin de chineál sriantach.’

35 Foráiltear freisin leis an Nóta Míniúcháin a ghabhann le Caibidil 82 de Chuid a Dó de AC ‘go gcumhdaítear leis an gCaibidil seo tacar acraí miotail nó sceanra, atá eisiata ó na Caibidlí roimhe seo de Roinn XV, nach dtagann faoi choincheap an innealra agus an ghairis (bídís leictreach nó ná bídís) i Roinn XVI… agus nach ionstraimí iad de Chaibidil 90 ná de cheannteideal 96.03 nó 96.04’.

36 Is léir ón méid sin go bhfuil Caibidil 82 de Chuid a Dó de AC uileghabhálach, ós rud é go dtagraítear go sainráite sa chaibidil sin do shaothair dá dtagraítear inti. Is tagairt choimhdeach í an tagairt do ‘c[h]eirméid’, ós rud é, ar an gcéad dul síos, nach luaitear an téarma sin i dteideal Chaibidil 82 agus, ar an dara dul síos, nach bhfeidhmíonn a úsáid i gceannteideal 8209 de AC ach mar eilimint thuairisciúil de na hábhair lena ndéantar plátaí, maidí, soic agus a leithéid le haghaidh uirlisí, nach bhfuil suite, dá dtagraítear go sainráite leis an gceannteideal sin.

37 Luaitear sa Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún agus sna cúiseanna a áirítear sa tábla atá i gceangal leis sin go gcumhdaítear le ceannteideal 8113 ‘ceirméid, bídís neamhshaoirsithe nó i bhfoirm earraí nach sonraítear in aon áit eile’. Is féidir a thuiscint as sin go bhféadfadh raon feidhme leathan a bheith ag ceannteideal 8113 de AC agus go gcumhdaítear leis gach táirge de cheirméid, cé go bhforchoimeádtar aicmiú faoi cheannteideal 8209 de AC le haghaidh ‘plátaí, maidí, soic agus a leithéid le haghaidh uirlisí’.

38 Sa chás seo, tá an léiriú ar an nath ‘d’uirlisí’ cinntitheach. Léiríonn an chúirt a rinne an tarchur, i míreanna 17 go 20 den iarraidh ar réamhrialú, an abairt sin sa chaoi go gcumhdaíonn sí freisin earraí nach féidir a úsáid, tar éis tuilleadh próiseála, ach amháin le haghaidh uirlisí.

39 Mar sin féin, de réir Nóta Míniúcháin CC a ghabhann le ceannteideal 8209:

‘Cuirtear na hearraí dá dtagraítear sa cheannteideal seo i láthair go ginearálta i bplátaí nó i bpíosaí de chruthanna éagsúla (mar shampla, maidí, soic, millíní, fáinní) agus bíonn cruas ard fuar agus te chomh maith le friotaíocht lúbthachta an-ard acu. Mar gheall ar na tréithe speisialta seo, bíonn úsáid an-fhairsing ag na hearraí a rinneadh dá bhrí sin i ndéantúsaíocht uirlisí, a bhfuil siad ceangailte leo trí tháthú, phrásáil nó chlampáil – a úsáidtear, mar gheall ar a luas ard gearrtha, chun miotail agus ábhair chrua eile a oibriú (uirlisí deileanna, réamairí, dísle, druileanna, etc.). D’fhéadfadh sé gur gearradh na hearraí sin nó gur ullmhaíodh iad ar bhealach eile chun uirlisí a dhéanamh suas, ach chun iad a áireamh sa cheannteideal seo ní gá iad a bheith suite. Nuair a shuitear ar uirlisí iad, tagann siad faoi na ceannteidil a bhaineann go sonrach leis na huirlisí iad féin, go háirithe ceannteideal 82.07.’

40 Leanann sé ón nath ‘neamhshuite’ i bhfoclaíocht cheannteideal 8209 de AC agus ón nóta míniúcháin sin go dtagraíonn an ceannteideal sin d’earraí a ndearnadh athrú leordhóthanach orthu cheana chun go mbeidh siad simplí agus díreach ‘suite’, eadhon ceangailte leis an uirlis go simplí ‘trí tháthú, phrásáil nó chlampáil’. Earraí ar gá tuilleadh próiseáil a dhéanamh orthu, seachas iad a cheangal, sular féidir iad a cheangal d’uirlisí, ní féidir leo, dá bhrí sin, teacht faoin gceannteideal sin. Is amhlaidh atá i gcás na maidí de mhiotal ceirmeach atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach bhfuil iontu, ar bhonn coiteann, ach crotáin ‘d’uirlisí’.

41 An riail ghinearálta i gCuid a hAon (I), (A), (2), (a) de AC maidir le haicmiú earraí, ar dá réir nach n-athróidh aon tagairt i gceannteideal d'airteagal go 'n-áireofar léi tagairt don airteagal sin agus é neamhiomlán nó neamhchríochnaithe', ar choinníoll go bhfuil 'saintréithe fíor-riachtanacha an airteagail iomláin nó an airteagail chríochnaithe ag an airteagal neamhiomlán nó neamhchríochnaithe', an chonclúid sin.

42 Is é go beacht an coinníoll go bhfuil saintréithe bunúsacha an airteagail iomláin nó an earra chríochnaithe ag an airteagal lena mbaineann, ar saintréithe iad nach gcomhlíontar i gcás na maidí de mhiotal ceirmeach atá i gceist sna príomhimeachtaí. Níl aon díospóid ann go gcaithfear na maidí de mhiotal ceirmeach sin, de réir a nádúir féin, a athrú fós, mar shampla trí tholladh, eangaí, cúngú, eitrí agus lúba, d'fhonn cruth seachtrach sonrach a fháil a fhágfaidh go mbeidh siad inúsáidte lena gceangal leis an uirlis trí tháthú simplí, phrásáil nó chlampáil

43 Sa chás seo, ar bhonn shaintréithe agus airíonna oibiachtúla na n-earraí dá dtagraítear i gcolún 3 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910, rinne an Coimisiún, de bhun Rialacha Ginearálta 1 agus 6 maidir le léiriú AC agus ag tagairt do Nóta 4 a ghabhann le Roinn XV de agus d'fhoclaíocht fho-cheannteidil 8113 00 agus 8113 00 90 de AC, earraí amhail na hearraí atá i gceist sna príomhimeachtaí a aicmiú faoi fho-cheannteideal 8113 00 90. Thairis sin, d'eisiaigh sé aicmiú na n-earraí sin faoi fho-cheannteideal 8209 00 80 de AC 8209 00 80 mar mhaidí agus a leithéidí le haghaidh uirlisí nach bhfuil suite, as ceirméid 'mar nach féidir na hearraí a úsáid le haghaidh uirlisí agus mar uirlisí ach amháin má dhéantar tuilleadh próiseála orthu agus má tá siad oiriúnach le haghaidh úsáidí eile freisin'.

44 I ndáil leis sin, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le bailíocht Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910, a bhaineann, go háirithe, leis an bhfíoras gur athraigh an t-aicmiú sin raon feidhme cheannteideal 8209 de AC, ós rud é, de réir thuarascáil shaineolach an 4 Nollaig 2019 dá dtagraítear i mír 19 den bhreithiúnas seo, 'mar gheall ar a ngeoiméadracht agus ar rogha na n-ábhar agus mar gheall go bhfuil cainéal fuaraithe ar chuid acu, tá na [maidí de mhiotal ceirmeach amhail na cinn atá i gceist sna príomhimeachtaí] beartaithe chun uirlisí a mhonarú a bhfuil imill ghearrthacha acu atá sainithe go geoiméadrach'. Mar sin féin, ní féidir glacadh leis na hamhrais sin. Fiú más rud é, mar gheall ar shaintréithe áirithe, nach bhféadfaí na maidí atá de mhiotal ceirmeach sin a athrú ach ina n-uirlisí, ní chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos le foclaíocht cheannteideal 8209 de AC, mar a shoiléirítear leis na nótaí míniúcháin ábhartha, ar dá réir nach mór a bheith in ann na táirgí a luaitear faoin gceannteideal sin a fheistiú ar an uirlis trí tháthú simplí, phrásáil nó chlampáil, gan gá le tuilleadh próiseála.

45 Mar is léir freisin ón tuairisc ar na maidí de mhiotal ceirmeach i gcolún 1 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910, is táirgí iad na maidí sin a bhfuil 'a fhoirm agus [...] cruth simplí' atá orthu, agus 'leibhéal íseal próiseála' mar shaintréith acu. Is léir é sin freisin ó Fhaisnéis Taraife Cheangailteach DE BTI 5017/22-1 agus DE BTI 2903/22-1, ina dtagraítear do na maidí de mhiotal ceirmeach ábhartha mar 'chrotáin', nach bhfuil forbartha go leordhóthanach go fóill chun na buntréithe is gá a bheith acu, tráth an allmhairithe, chun teacht faoi cheannteideal 8209.

46 Is léir ó léamh ar go leor ceannteideal eile de AC, má chumhdaítear crotáin táirge faoi cheannteideal, go luaitear an táirge sin go sainráite sa cheannteideal sin:

– ceannteideal 8212: 'Rásúir agus lanna rásúir (lena n-áirítear lanna caocha rásúir ina stiallacha)';

– ceannteideal 9606: ‘Cnaipí, brúfháiscíní, smeachdhúntóirí agus brústodaí, múnlaí cnaipe agus páirteanna eile de na hearraí sin; bánáin chnaipe;

– ceannteideal 9110: ‘Oibreacha iomlána uaireadóra nó cloig, iad neamhchóimeáilte nó cóimeáilte go páirteach (tacair oibreacha); oibreacha neamhiomlána uaireadóra nó cloig, iad cóimeáilte; oibreacha garbha uaireadóra nó cloig’.

47 Is léir ón ordú tarchuir gur dhíol an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí na barraí cairbíde miotail atá i gceist le monaróirí uirlisí a rinne, trí phróisis athraithe bhreise, na barraí sin a athrú ina n-uirlisí chun miotail a mheaisíniú trí ábhar a bhaint. Luaitear i dtuarascáil an tsaineolaí an 4 Nollaig 2019 dá dtagraítear i mír 19 den bhreithiúnas seo ‘go ndearnadh barraí cairbíde miotail amhail na barraí atá i gceist a athrú go ginearálta ina n-uirlisí a bhfuil imill ghearrthacha acu atá sainithe go geoiméadrach’, lena ndeimhnítear nach bhfuil cruth geoiméadrach na maidí de mhiotal ceirmeach agus, dá bhrí sin, an uirlis shonrach ar a n-úsáidtear iad agus nach mór iad a shocrú go simplí, inaitheanta go fóill tráth an imréitigh custaim, contrártha do na ceanglais a leagtar síos le cásdlí na Cúirte (breithiúnas an 26 Bealtaine 2016, *Latvijas propāna gāze*, C-286/15, EU:C:2016:363, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 Leis an tagairt a rinne an chúirt a rinne an tarchur do mhír 28 de bhreithiúnas an 5 Meán Fómhair 2019, *TDK-Lambda Germany* (C-559/18, EU:C:2019:667), ní athraítear an measúnú sin ar bhealach ar bith. I mír 33 den bhreithiúnas sin, shonraigh an Chúirt go sainráite, i gcás ina gcuireann an ceannteideal taraife atá i gceist critéar aicmiúcháin i bhfeidhm atá bunaithe ar úsáid áirithe na n-earraí lena mbaineann, go bhfuil an critéar sin cinntitheach chun na hearraí sin a aicmiú faoi cheannteideal den sórt sin.

49 Is léir ó fhoclaíocht cheannteideal agus fho-cheannteideal AC lena mbaineann agus ó na nótaí a ghabhann leis na ranna nó leis na caibidlí de go sainítear an táirge atá i gceist sna príomhimeachtaí de réir a shaintréithe agus a airíonna oibiachtúla agus nach nglacann sé critéar aicmithe bunaithe ar úsáid ar leith. Deimhnítear é sin le téacs an tábla atá i gceangal le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910.

50 Dá bhrí sin, is ar mhaithe le hiomláine amháin is gá scrúdú a dhéanamh ar dhearbhú na cúirte a rinne an tarchur, a leagtar amach i mír 20 den iarraidh ar réamhrialú, nach mór scrúdú a dhéanamh ar thoimhde an Choimisiúin i gcolún 1 den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910 go bhféadfaí maidí de mhiotal ceirmeach a bheith ‘beartaithe le haghaidh raon leathan úsáidí’. Go deimhin, tá na maidí de mhiotal ceirmeach a thuairiscítear sa cholún 1 sin oiriúnaithe le haghaidh úsáidí eile. Cé go bhfuil cainéil fuaraithe ag cuid de na maidí sin, ní thugann sé sin údar, go háirithe, lena n-aicmiú faoi cheannteideal 8113 de AC. De réir na doiciméadachta teicniúla, tá gá le cainéil fuaraithe freisin le haghaidh snáitheanna sa tionscal teicstíle. Dá bhrí sin, ní chiallaíonn cainéil fuaraithe a bheith ann nach féidir maidí de mhiotal ceirmeach a úsáid ach amháin le haghaidh uirlisí.

51 Ar na cúiseanna sin uile, níor sháraigh an Coimisiún a lánrogha trína lua, i gcolún 3 den tábla san iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910, gur tháinig na hearraí faoi cheannteideal 8113 de AC, agus ní fhéadfar iad a aicmiú faoi cheannteideal 8209 de, mar gheall ar a saintréithe agus a n-airíonna oibiachtúla.

52 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, trí na maidí de mhiotal ceirmeach dá dtuairiscítear i gcolún 1 den tábla san iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910 a aicmiú faoi cheannteideal 8113 de AC, agus ní faoi cheannteideal 8209 de, nár athraigh an Coimisiún ábhar ná raon feidhme ceachtar den dá cheannteideal taraife sin.

53 I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear nár nochtadh le scrúdú ar an gceist sin aon toisc de chineál a dhéanfadh difear do bhailíocht Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/910.

Costais

54 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Naoú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Níor nochtadh le scrúdú ar an gceist a tharchuirtear aon toisc de chineál a dhéanfadh difear do bhailíocht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/910 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2021 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte.

[Sínithe]